# Cruth 2T a Fhiosrú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Tomhais – achar<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>• smaointe agus modhanna oibre s’acu a chur i gcomparáid le daoine eile<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta ginearálta a aithint agus tuartha a dhéanamh fúthu |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | línte, ceartingearach, cothrománach, trasnánach, sleasa, coirnéil, ceathairshleasáin, polagáin, rialta, neamhrialta, comhthreomhar, ingearach, siméadracht, dronuillinn, géaruillinn, maoluillinn, imlíne, comhshleasach, comhchosach, corrshleasach |
| **Áiseanna** | geochláir, bandaí leaisteacha, Uirlis Gheochláir Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

1. **Gníomhaíocht 1**
   Tarraingíonn daltaí ceathairshleasáin éagsúla ag úsáid Uirlis Gheochláir Mol Mata. Ríomhann daltaí achar agus imlíne a gcruthanna.

2. **Gníomhaíocht 2**
   Lig do dhaltaí cearnóga agus dronuilleoga éagsúla a tharraingt ó imlíne nó achar *ar leith*. Mar shampla, *'An dtig leat cearnóg a bhfuil imlíne 24 cm uirthi a dhéanamh?'*

3. **Gníomhaíocht 3**
   Fiosraíonn daltaí imlíne pholagáin eile (traipéisiamaí, comhthreomharáin, eitleoga srl.). Mar shampla, *'An dtig leat cruth ceathairshleasach a bhfuil dhá phéire de línte comhthreomhara air agus nó dronuillinn ann a chruthú?'*

4. **Gníomhaíocht 4**
   Fiosraíonn daltaí cruthanna a bhfuil an t-achar agus imlíne chéanna acu. Mar shampla, beidh an t-achar agus imlíne chéanna ag cearnóg 4 x 4.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Má tá x coirnéil/línte siméadrachta/ dronuillinneacha/géaruillinneacha/línte comhthreomhara srl. mar chuid de mo chruth, cén cruth atá agam? | • Cad chuige a bhfuil an cruth seo rialta/ neamhrialta?<br>• Cad é mar atá dronuilleog difriúil le cearnóg? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Sín líon na gcruthanna, rialta agus neamhrialta araon, de réir ábaltacht an dalta.